Comharba na Scéime Pobal Gaeilge

Aighneachtaí chuig Foras na Gaeilge
Lúnasa 2020

Foras na Gaeilge

Pádhraic Ó Ciardha, Comhairleoir

Clár Ábhair

1 Cúlra 3

1.1 Cistíocht 3

1.2 Athbhreithniú 3

2 Aidhm na cáipéise seo 4

2.1 Modh oibre 4

2.2 Leagan amach 4

3 Príomhphointí Comónta na nAighneachtaí 5

4 Pointí suntasacha breise sna hAighneachtaí 7

4.1 Míshásamh faoin "dícháiliú" d'iarrthóirí LG nó BSG 7

4.2 Maoiniú do Phlean Teanga: 7

4.3 Trédhearcacht agus Spriocanna Coiteann 7

4.4 Gá le cumarsáid níos fearr idir FnG agus na rannpháirtithe 7

4.5 An ionann "pobal" agus ceantar geografach? 7

5 Cúrsaí Buiséad 8

5.1 Solúbthacht tuarastail a cheadú d'Oifigeach le taithí agus saineolas ar leith 8

5.2 Costais Taistil i gceantair mhóra/scaipthe 8

5.3 Comhoibriú i gceantracha teorann agus páirtíocht na "Nua Éireannach" 8

5.4 Ná deifrigh athruithe scéime le linn paindéime 8

5.5 Ar ghá an Comhairliúchán seo? 8

Cúlra

Is í an Scéim Pobal Gaeilge (SPG) mórscéim tacaíochta Fhoras na Gaeilge (FnG) trína gcuirtear maoiniú ar fáil do choistí pobail Gaeilge ar mhaithe leis an teanga a chur chun cinn, a chothú agus a bhuanú ar bhonn pobail. Leagann an SPG béim faoi leith ar bhunú gréasáin bhuana i gcomhar le forais eile an cheantair atá i gceist. Maoinítear Oifigigh Forbartha Gaeilge ar feadh ceithre bliana le feidhmeanna éascaithe agus gréasánaíochta chun go mbeadh an Ghaeilge á húsáid agus á cur chun cinn chun leas an phobail sin.

1.1 Cistíocht

Ciste bliantúil €1m a cheadaigh FnG don scéim reatha. In 2016, d'éirigh le 22 iarratasóir tairiscint maoinithe a fháil don tréimhse Lúnasa 2016 - Iúil 2020. €42,500 d'uasmhéid bliantúil a ceadaíodh don ocht n-iarratasóir ó dheas agus £34,375 don sé iarratasóir déag ó thuaidh. Tá síneadh ama le cur leis na conarthaí deontais reatha.

1.2 Athbhreithniú

Mar chuid dá athbhreithniú deireadh téarma ar an scéim reatha, tá an Foras ag féachaint chun cinn freisin, ag beartú polasaí agus cur chuige don todhchaí. Chuige sin, reachtáileadh cruinnithe agus comhfhreagras le geallshealbhóirí na scéime reatha agus fuarthas aiseolas ó Fhóram na nOifigeach Forbartha Gaeilge. Ar iarratas ón bhForas, rinne Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael réamh-chomhairliúchán le páirtithe leasmhara i bpobal na Gaeilge.

Shocraigh FnG an próiseas a leathnú thairis sin. I mBealtaine 2020 d'fhoilsigh sé Doiciméid Comhairliúcháin inar leagadh amach sonraí don scéim chomharbachta atá ar intinn aige, le teideal nua, an Scéim Forbartha Pobal Gaeilge. Tugadh míniú sa Doiciméid ar leasuithe/athruithe/cur chuige nua atá beartaithe. Deirtear sa Doiciméid gur tógadh san áireamh torthaí an réamh-chomhairliúcháin thuasluaite sna moltaí nua atá curtha chun cinn.

Meabhraíonn an Doiciméid freisin na pointí breise ar thug FnG suntas dóibh agus é ag meas na rioscaí agus na n-impleachtaí a bhainfeadh leis an scéim úr atá á mholadh aige.

Thug an Doiciméid Comhairliúcháin cuireadh don phobal agus d'eagrais a dtuairimí orthu a chur in iúl faoi 17 Iúil 2020. Iarradh freagraí ar thrí cheist ag deireadh na Doiciméide.

Fuarthas 48 Aighneacht scríofa mar thoradh ar an gcuireadh seo.

2 Aidhm na cáipéise seo

Sa gcáipéis seo, gheobhfar achoimriú ar na príomhphointí ábhartha ó na haighneachtaí, mar aon le achoimre ar na freagraí a tugadh iontu ar na ceisteanna sonracha sin (1-3) sa Doiciméid. Is í an aidhm cabhrú le FnG ina anailís ar an scéim reatha, lena mheasúnú ar an bpróiseas athbhreithnithe/comhairliúcháin agus cuidiú leis agus é ag glacadh cinnidh faoin scéim úr.

Aontaíodh nach dtabharfaí aon bhreithiúnas sa gcáipéis seo ar mholtaí an Fhorais don scéim úr ná ar na tuairimí fúthu atá curtha chun cinn sna haighneachtaí.

2.1 Modh oibre

Ábhar na n-aighneachtaí agus na bhfreagraí ar na ceisteanna atá á soláthar anseo. Chuige sin agus ar mhaithe le cothromaíocht agus discréid, tugadh uimhir go randamach do gach aighneacht (1-48) agus is mar sin amháin a thagraítear dóibh. Ní luaitear thíos ainm duine, eagrais ná ceantair.

Tá sé soiléir, fiú ón gcéad léamh, gur ó rannpháirtithe sa scéim reatha a tháinig tromlach na n-aighneachtaí. Is follasach freisin go raibh cumarsáid go leor eatarthu agus iad á ndréachtú. Is ionann, verbatim, an fhoclaíocht i roinnt aighneachtaí, ó thús go deireadh. Is léir ina bhformhór go raibh teacht ag an scríbhneoir ar cháipéis(í) comónta anailíse a bhí dréachtaithe, pléite agus molta le cur in aighneachtaí. Ní hionadh sin – bhí an ghréasánaíocht mar chuid dílis den obair ag rannpháirtithe na scéime, bhí a bhfóram féin acu chuige sin agus iad i dteagmháil rialta le heagrais a thugann tacaíocht dóibh.

2.2 Leagan amach

Mar éascaíocht don léitheoir, tá an achoimre gearr agus roinnte i dhá rannóg:
Is iad na Príomhphointí Aontaithe an chuid is tábhachtaí den cháipéis seo, áit a ndéantar suimiú ar na mórphointí ábhartha ar a raibh an beagnach leathchéad aighneacht ar aon fhocal fúthu (nó gar go maith dó).

Ar mhaithe le gontacht, níl spás ach do bhlaisíní beaga samplacha mar léiriú ar an bhfhoclaíocht a húsáideadh sna haighneachtaí féin.

3 Príomhphointí Comónta na nAighneachtaí

Tá 90% de na haighneachtaí ar aon intinn, a bheag nó a mhór, faoi na croí-phointí seo a leanas cé go bhfuil, dar ndóigh, mion-difríochtaí eatarthu ar ghnéithe áirithe anseo is ansiúd:

1. ***Is scéim fhiúntach í an SPG ag a bhfuil spriocanna soiléire, torthaí feiceálacha intomhaiste agus tugann sí luach maith ar an airgead poiblí a mhaoiníonn í.***

   "Aithnítear go forleathan gurb í SPG an scéim is éifeachtaí atá á riar ag Foras na Gaeilge a fhorbraíonn úsáid na Gaeilge go leanúnach i measc an phobail.....Tugann an SPG láithreacht agus feiceálacht don Ghaeilge agus forbraíonn sí úsáid na teanga mar theanga bheo lasmuigh de gheataí na scoile." Aighneacht 8

   "Aithnítear an SPG mar an t-ionchur is tábhachtaí atá ag FnG sa phobal agus an ceangal is mó atá ag FnG leis an bpobal sin." Aighneacht 22

2. ***Is gá agus is féidir an taisce luachmhar tallainne agus saineolais atá cruthaithe san SPG a choinneáil agus an scéim a threisiú.***

   "gan na tionscadail reatha a bhfuil ag éirí go maith leo a chur ó mhaith, gan toradh na hinfheistíochta atá déanta a chailleadh, gan an linn reatha d'Oifigigh Forbartha Gaeilge oilte a chailleadh nó an saineolas forbartha pobail sin atá acu a chailleadh, forbairt inbhuanaithe a spreagadh i bpobail, idir dheontaithe reatha agus dheontaithe úra, le béim ar chur chuige straitéiseach." Aighneacht 37

3. ***Tá géarghá go méadófaí an maoiniú a fhaigheann FnG agus na hiarratasóirí rathúla. Gan sin ní féidir spriocanna na scéime a bhaint amach.***

   "Creidimid go bhfuil sé…riachtanach go gcuirfear tuilleadh maoinithe ar fáil don scéim SPG….go mbeadh FnG ábalta freastal ceart a dhéanamh ar an líon reatha coistí atá rannpháirteach sa scéim reatha agus ag an am céanna cur leo." Aighneacht 3

   "Ní leor an buiséad atá luaite leis an gcur chuige nua chun a spriocanna a bhaint amach agus tá FnG ag iarraidh i bhfad an iomarca a chlúdach leis an mbuiséad atá luaite acu leis an scéim seo." Aighneacht 10

4. ***Is gá go mbeadh dóthain sa deontas le tuarastal seachtaine 5 lá oibre a chlúdach don Oifigeach Teanga/Forbartha***

   "Is bun riachtanas é go mbeadh dóthain sa deontas le 5 lá oibre a chlúdach." Aighneacht 15 &rl

5. ***Ní ceart agus ní cóir go mbeadh stádas Baile Seirbhíse Gaeltachta nó Líonra Gaeilge ina chúis dícháilithe ar iarratas don leibhéal is airde maoinithe in aon scéim nua SPG***

   "Níor tugadh seo le fios roimhe seo….bhí sé intuigthe gur rud breise a bhí iontu ar an SPG…. níl an cosc céanna ar choistí pobail Ghaeltachta i gcásanna áirithe.. cuirfidh an cosc deireadh leis an obair fhorbartha atá ar siúl le blianta fada i gcásanna áirithe… cuirfidh sé grúpaí Gaeilge i gcomórtas le chéile in áiteanna éagsúla sa tír." Aighneacht 43 &rl

6. ***Is leor dhá leibhéal sa scéim nua***

   "Moltar nach mbeadh ann ach dhá chéim; Bunchéim (do ghrúpaí nua ag teacht isteach ar an scéim); Ardchéim (do gach grúpa a bhfuil suim acu an uasmhéid den deontas SPG bhaint amach, deontaithe reatha agus deontaithe nua san áireamh, más mian leo." Aighneacht 18 &rl

7. ***Ba cheart glacadh leis anois go méadófar an maoiniú don scéim má mhéadaíonn cistíocht FnG ón dá Rialtas le linn shaolré na scéime úire***

   "Go mbeidh deis ag coistí an SPG iarratas a dhéanamh ar bhreis airgid ón bhForas le linn saolré na scéime, ach ardú substaintiúil tar éis teacht ar dheontas Fhoras na Gaeilge ón dá Stát idir an dá linn." *Aighneacht 34 &rl*

8. ***Tá méadú leanúnach ar an bpáipéarachas agus ar chostais rialachais/riaracháin***

   "I bhfianaise an méadú atá tagtha ar chostais riaracháin le blianta beaga anuas, go háirithe i dtaobh costais árachais, cuntasaíochta agus rialachais, tá buairt orainn nach leor é an buiséad atá le bheith curtha ar fáil d'eagraíochtaí chun clár oibre a chur i bhfeidhm agus aire mar is ceart a thabhairt don fhoireann." Aighneacht 27 &rl

4 Pointí suntasacha breise sna hAighneachtaí

Tá go leor pointí fiúntacha curtha chun cinn sna haighneachtaí nach féidir déileáil leo anseo ach is díol suntais ar leith iad seo thíos:

4.1 Míshásamh faoin "dícháiliú" d'iarrthóirí le stádas LG nó BSG

Ní thuigeann formhór na n-aighneachtaí an chúis/cúiseanna leis an moladh seo, diúltaíonn siad dó agus dúisíonn sé ceisteanna go leor uathu. Anuas air sin, luann go leor acu go dtugann seo diminsean "iomaíochta" chun cinn idir grúpaí, gné nach bhfuil chun leasa na teanga, dar leo.

Fiosraíonn 10 "*an bhfuil grúpa dícháilithe mura bhfuil siad ag iarraidh aitheantas mar LG nó BSG a bhaint amach faoi dheireadh na scéime."*

Anuas ar an diúltú, deir péire acu ar a laghad go sonrach go mb'fhéidir nach mbeadh ar a gcumas aon iarratas nua a dhéanamh mar nach mbeidh Plean Teanga dréachtaithe acu roimh dheireadh na bliana seo. (27, Freagra ar Cheist 2 agus 37 Fr ar C1).

Deir 27 (Freagra ar C2) go bhfuil míréir idir pointí 1.1. agus 1.3 sa Doiciméid Comhairliúcháin maidir le huasghrádú go stádas Líonra Gaeilge a bheith mar sprioc ag gach iarrthóir. Moltar ann leasú ar an mhíréir seo.

4.2 Maoiniú do Phlean Teanga:

Ní thuigeann 31 (Fr ar C2) cén fáth go bhfuil difríocht €5k idir an deontas atá ar fáil do bheartas plean teanga a dhréachtú don SPG (€15k) agus do BSG (€20k)

4.3 Trédhearcacht agus Spriocanna Coiteann

Molann aighneacht amháin *"spriocanna coitianta a leagan síos mar bhun-chritéir oibre do gach SPG le go mbeidh gníomhaíochtaí intomhasta do ghrúpaí agus don Fhoras"* 31 (Fr ar C3) agus 41

Molann 27 gur cheart na hiarratais ar fad a fhoilsiú go poiblí le go bhfoghlaimeoidh grúpaí nár éirigh leo cén chaoi gur féidir leo feabhsú – sin nó iarratas samplach a fhoilsiú mar threoir dóibh.

4.4 Gá le cumarsáid níos fearr idir FnG agus na rannpháirtithe sna scéimeanna

Luaitear i roinnt aighneachtaí go bhfuil gá le cumarsáid níos minice agus níos trédhearcaí idir FnG agus na rannpháirithe sa scéim. (1, 32)

4.5 An ionann "pobal" agus ceantar geografach?

Ceistíonn aighneacht amháin an choinníoll sa scéim gur gá ceantar geografach a bheith sonraithe san iarratas. Pobal eaglaise seachas limistéar tíreolaíoch atá i gceist. (19)

5 Cúrsaí Buiséad

Anuas ar an éileamh aontaithe go méadófaí buiséad na scéime, déanann aighneachtaí áirithe moltaí maidir le gnéithe sainiúla:

Tá géarghá le buiséid dhóthanacha riaracháin agus shíolchostais a sholáthar (8, 10). Meabhraíonn 17 (agus 27) go mbíonn forchostais (árachas, cuntais iniúchta agus rialachais, cíos ar sheomraí, cóipeáil) ag méadú go bliantúil ach nach bhfuil an maoiniú.

Molann aighneacht amháin (23) go bhfiosrófaí freastal lárnach ó FnG do ghnéithe comónta riaracháin (Acmhainní Daonna, Iniúchadh?)

5.1 Solúbthacht tuarastail a cheadú d'Oifigeach le taithí agus saineolas ar leith

Molann Aighneacht 23 go mbeadh solúbthacht ann tuarastal an Oifigigh a ardú thar an meán-ráta ar chúinsí cumais/taithí/ fad seirbhíse ionas nach mealltar an í/é chuig fostaíocht eile.

5.2 Costais Taistil i gceantair mhóra/scaipthe

Meabhraíonn cúpla aighneacht go mbíonn dúshláin ar leith taistil ag ceantracha iargúlta nó limistéir Ghaeltachta nó i gceantar mór scaipthe (20 Fr C 1 agus 35, Fr C2)

5.3 Comhoibriú i gceantracha teorann agus páirtíocht na "Nua Éireannach"

Luaitear in aighneacht amháin an scóp do chomhoibriú idir pobail ar chaon taobh den teorainn agus luaitear fianaise gur féidir an teanga a chur chun cinn ansin ar bhonn tras-phobail agus freisin dóibh sin de bhunadh Éireannach iad ó dhúchas: "The language of Ireland needs to be showcased with the new resident populations that are now a permanent part of the cultural fabric...." (20)

5.4 Ná deifrigh athruithe scéime le linn paindéime

Tá aighneacht nó dhó den tuairim go mbeadh sé stuama gan an próiseas a dheifriú an iomarca i bhfianaise na corraíle/éiginnteachta reatha atá mar thoradh ar ar an víoras coróineach agus na beartais atá i bhfeidhm chun déileáil leis (29).

5.5 Ar ghá an Comhairliúchán seo?

Cé go ndeir an Doiciméid Comhairliúcháin gur "*tógadh san áireamh"* ann an réamh-chomairliúchán a rinne CnaG agus Glór na nGael, caitear amhras i gcúpla aighneacht (22, 42) ar réasúnaíocht/bhunús FnG do na leasuithe atá moladh aige anois. Deir na haighneachtaí seo gurbh fhearr feidhmiú ar an anailís a rinne CnG ('*taighde, pleanáil, iniúchadh agus fíricí dochta*') seachas dul le comhairliúchán poiblí.

Deir 22 go lom gur botún é an próiseas comhairliúcháin seo le "*moltaí laga agus muid i lár paindéim domhanda...iarracht chúlchéimnitheach..... chun baint seachas bheith ag cur le héifeachtúlacht na scéime seo..."*